C/2025/3733

17.9.2025

P9_TA(2024)0306

Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara: rannpháirtíocht na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Aibreán 2024 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Phrótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais (15093/2023 – C9-0017/2024 – 2023/0220(NLE))

(Toiliú)

(C/2025/3733)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (15093/2023),

— ag féachaint don dréacht-Phrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, maidir le Creat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Arabach na hÉigipte maidir leis na prionsabail ghinearálta i dtaca le rannpháirtíocht Phoblacht Arabach na hÉigipte i gcláir de chuid an Aontais (15086/2023),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 212, le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a), agus le hAirteagal 218(7) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C9-0017/2024),

— ag féachaint do Riail 105(1) agus (4), agus do Riail 114(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-0175/2024),

1. Ag tabhairt a toilithe do thabhairt i gcrích an Phrótacail;

2. Á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát agus Phoblacht Arabach na hÉigipte.